# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

22 Márta 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/478 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine** ..... 1

★ **Rialachán (AE) 2021/479 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 maidir le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma** ..... 13

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/480 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma** ..... 15


CINNTÍ


★ **Cinneadh (CBES) 2021/481 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine** ..... 25

★ **Cinneadh (CBES) 2021/482 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma** ..... 37

★ **Cinneadh (CBES) 2021/483 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma** ..... 40


GA

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/478 ÓN gCOMHAIRLE

**an 22 Márta 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, sa Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le Córas Domhanda Smachtbhannaí an AE i ndáil le Cearta an Duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine cuirtear i bhfios go láidir a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach den Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluachanna den Aontas agus de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais iad meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine.

(3) An 2 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/372 ([2]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/371 ([3]), inar ainmníodh ceithre dhuine aonair ón Rúis a raibh páirt acu i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear gabhálacha agus coinneálacha treallacha, mar aon le cur faoi chois forleathan córasach na saoirse comhthionóil síochánta agus comhlachais agus na saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh.

(4) Tá imní mhór ar an Aontas fós maidir le sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine i bpáirteanna éagsúla den domhan, amhail céasadh, maruithe seachbhreithiúnacha, fuadaigh fhorfheidhmithe nó úsáid córasach saothair éignithe arna ndéanamh ag daoine aonair agus ag eintitis sa tSín, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, sa Libia, san Eiritré, sa tSúdáin Theas agus sa Rúis.

(5) Sa chomhthéacs sin, ba cheart aon duine dhéag agus ceithre eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

---

([1]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/372 ón gComhairle an 2 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 71I, 2.3.2021, lch. 6).

([3]) Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) 2021/371 ón gComhairle an 2 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 71I, 2.3.2021, lch. 1).

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leanas:

(1) leasaítear liosta na ndaoine nádúrtha a leagtar amach i roinn A ('Daoine nádúrtha') mar a leanas:

(a) cuirtear ('Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine') in ionad 'Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)' mar cheannteideal ar an dara colún;

(b) cuirtear 'Ainmneacha' in ionad ('Ainmneacha (litriú Rúisise)');

(c) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '5. | ZHU Hailun | 朱海仑 (Litriú Síneach) | Post/Poist: IarLeas-Cheann an 13th People's Congress of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR)<br>Dáta breithe: Eanáir 1958<br>Áit bhreithe: Lianshui, Jiangsu (China)<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR agus iarRúnaí an Party Committee of the XUAR (2016 go dtí 2019). IarLeas-Cheann ar 13th People's Congress XUAR, comhlacht reachtach réigiúnach (2019 go dtí Feabhra 2021). | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (2016 go 2019), is é Zhu Hailun a bhí freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a in XUAR. Mar sin, bhí príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, agus cur chun feidhme an chláir sin, faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Tá trácht déanta ar Zhu Hailun mar 'ailtire' an chláir sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneálacha treallacha ar mórscála a rinneadh ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Mar Leas-Cheann an 13th People's Congress of the XUAR (2019 go dtí Feabhra 2021), lean Zhu Hailun de thionchar cinntitheach a imirt in XUAR mar a bhfuil an clár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile ag dul ar aghaidh. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 6. | WANG Junzheng | 王君正 (Litriú Síneach) | Post/Poist: Rúnaí Páirtí an Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) agus Leas-Rúnaí an Party Committee of China's Xinjiang Uyghur Autonomous Region; Coimeasár polaitiúil XPCC agus príomhfheidhmeannach an China Xinjian Group<br>Dáta breithe: Bealtaine 1963<br>Áit bhreithe: Linyi, Shandong (China)<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Rúnaí Páirtí ar Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) Leas-Rúnaí an Party Committee XUAR sa tSín ó mhí Aibreáin 2020 i leith, agus coimeasár polaitiúil XPCC ó mhí na Bealtaine 2020 i leith. IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee XUAR (Feabhra 2019 go dtí Meán Fómhair 2020). Tá poist shinsireacha eile ag Wang Junzheng in XPCC.<br>Is eagraíocht eacnamaíoch pharamíleateach faoi úinéireacht an stáit in XUAR é XPCC, a bhfuil an t-údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí Páirtí agus coimeasár polaitiúil ar XPCC ó 2020, tá páirt ag Wang Junzheng sna beartais go léir a chuireann XPCC chun feidhme a mhaoirsiú. Sa phost sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine de chuid mionlach eitneach Moslamach eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, inter alia, den chur chun feidhme a rinne an XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc a bhí spriocdhírithe ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Tá sé freagrach freisin as an úsáid chórasach a bhaineann XPCC as Uigiúraigh agus daoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis.<br>Ina cháil mar Leas-Rúnaí ar Party Committee XUAR ó 2020 i leith, tá páirt ag Wang Junzheng i maoirsiú na mbeartas slándála atá á gcur chun feidhme in Xinjiang, lena n-áirítear an clár réamhluaite lena spriocdhírítear ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (Feabhra 2019 go dtí Meán Fómhair 2020), bhí Wang Junzheng freagrach as an tslándáil inmheánach a choimeád agus forfheidhmiú an dlí in XUAR. Mar sin, bhí príomhphost polaitiúil aige i gceannas ar mhaoirsiú agus ar chur chun feidhme an chláir réamhluaite. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 7. | WANG Mingshan | 王明山 (Litriú Síneach) | Post/Poist: Comhalta de Standing Committee of the Party Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR<br><br>Dáta breithe: Eanáir 1964<br><br>Áit bhreithe: Wuwei, Gansu (China)<br><br>Náisiúntacht: Síneach<br><br>Inscne: fireann | Comhalta de Standing Committee of the Party Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR ó Mheán Fómhair 2020. Iar-Stiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) idir 2017 agus Eanáir 2021. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR ó Mheán Fómhair 2020, is é Wang Mingshan atá freagrach as an slándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a chothabháil in XUAR. Mar sin, tá príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar an mórscála faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Ina cháil mar Iar-Stiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar XPSB (2017 go Eanáir 2021), bhí príomhról aige i bhfearas slándála Xinjiang agus bhí sé freagrach go díreach as an gclár thuasluaite a chur chun feidhme. Go háirithe, rinne XPSB *Integrated Joint Operations Platform* (IJOP) [Ardán d'oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite] a imscaradh, clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a lorg agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar 'baol bagartha' a bheith ag baint leo lena gcur go campa coinneála.<br><br>Mar gheall ar an bpost atá aige faoi láthair agus na feidhmeanna a bhí aige roimhe sin, tá Wang Mingshan freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mhórscála agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 8. | CHEN Mingguo | 陈明国<br>(Litriú Síneach) | Post/Poist: Stiúrthóir ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) agus Leaschathaoirleach ar Xinjiang Uygur Autonomous Region (XUAR) People's Government<br>Dáta breithe: Deireadh Fómhair 1966<br>Áit bhreithe: Yilong, Sichuan (China)<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) ó mhí Eanáir 2021 agus Leaschathaoirleach ar Xinjiang Uygur Autonomous Region (XUAR) People's Government. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Stiúrthóir ar XPSB, tá príomhról ag Chen Mingguo i bhfearas slándála Xinjiang agus baint dhíreach aige le cur chun feidhme cláir faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar an mórscála ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Go háirithe, rinne XPSB *Integrated Joint Operations Platform* (IJOP) [Ardán d'oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite]a imscaradh, clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a lorg agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar 'baol bagartha' a bheith ag baint leo lena gcur go campa coinneála. Dá bhrí sin, tá Chen Mingguo freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh. | |
| 9. | JONG Kyong-thaek (a.k.a. CHO'NG Kyo'ng-t'aek) | 정경택<br>(Litriú Cóiréach) | Post/Poist: Minister of State Security of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK)<br>Dáta breithe: idir 1.1.1961 agus 31.12. 1963<br>Náisiúntacht: Cóiréach Thuaidh<br>Inscne: fireann | Is é Jong Kyong-thaek Aire Slándála Stáit Democratic People's Republic of Korea (DPRK) ó 2017.<br>Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK ar cheann de na hinstitiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena ndírítear ar easaontas polaitiúil, teacht isteach faisnéise 'treascraí' ó thar lear agus aon iompar eile a mheastar a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an gcóras polaitiúil agus ar a cheannaireacht a shainaithint agus a chur faoi chois. | 22.3.2021 |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Stáit, tá Jong Kyong-thaek freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban. | |
| 10 | RI Yong Gil (a.k.a. RI Yong Gi, RI Yo'ng-kil, YI Yo'ng-kil) | 리영길 (Litriú Cóiréach) | Post/Poist: Minister of State Security of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK)<br>Dáta breithe: 1955<br>Náisiúntacht: Cóiréach Thuaidh<br>Inscne: fireann | Is é Ri Yong Gil Aire Slándála Sóisialta of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK) ó Eanáir 2021, agus iar-Cheannaire ar Fhoireann Ghinearálta Korean People's Army (KPA) idir 2018 agus Eanáir 2021.<br>Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK (ar a dtugtaí Aireacht Slándála na nDaoine nó Aireacht Slándála Poiblí tráth) ar cheann de na hinstitiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena n-áirítear ceastóireacht agus pionós a chur ar dhaoine a bhí ag teitheadh 'go neamhdhleathach' ó DPRK. Tá an Aireacht Slándála Sóisialta i bhfeighil na gcampaí príosúin agus na n-ionad coinneála oibre trína Biúró Príosúin, mar a mbíonn príosúnaigh agus cimí faoi réir ocras d'aon ghnó agus íde mídhaonna eile. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Sóisialta, tá Ri Yong Gil freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban.<br>Ina cháil mar iar-Cheannaire ar Fhoireann KPA, tá Ri Yong Gil freagrach chomh maith as sáruithe tromchúiseacha forleathana ar chearta an duine arna ndéanamh ag KPA. | |
| 11 | Mohammed Khalifa AL-KANI (dá ngairtear Mohamed Khalifa Abderrahim Shaqaqi AL-KANI freisin, dá ngairtear Mohammed AL-KANI freisin, Muhammad Omar AL-KANI freisin) | الكاني خليفة محمد (Litriú Arabach) | Post/Poist: Ceann an Kaniyat Militia<br>Dáta breithe: 3.5.1979<br>Náisiúntacht: Libiach<br>Uimhir an phas: F86JKFJF<br>Inscne: fireann | Is é Mohammed Khalifa Al-Kani Ceann an Kaniyat Militia, a raibh smacht aige ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020. Sa cháil sin, déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí uile an Kaniyat Militia. Ina cháil mar Cheann anKaiyat Militia, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna. | 22.3.2021 |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Theith Mohammed Khalifa Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i mí an Mheithimh 2020 chuig oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo. | |
| 12 | Abderrahim AL-KANI (dá ngairtear Abdul-Rahim AL-KANI, Abd-al-Rahim AL-KANI freisin) | عبد الرحيم الكاني (Litriú Arabach) | Post/Poist: comhalta den Kaniyat Militia<br>Dáta breithe: 7.9.1997<br>Náisiúntacht: Libiach<br>Uimhir an phas: PH3854LY<br>Uimhir aitheantais: 119970331820<br>Inscne: fireann | Tá Abderrahim Al-Kani ina chomhalta lárnach den Kaniyat Militia agus is deartháir le Ceann an Kaniyat Militia, Mohammed Khalifa Al-Khani é. Bhí smacht ag an Kaniyat Militia ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020.<br>Tá Abderrahim Al-Kani i gceannas ar an tslándáil inmheánach thar ceann an Kaniyat Militia. Sa cháil sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna. | 22.3.2021 |
| | | | | Theith Abderrahim Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i Meitheamh 2020 chuig Oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo. | |
| 13 | Aiub Vakhaevich KATAEV (dá ngairtear Ayubkhan Vakhaevich KATAEV freisin) | Аюб Вахаевич КАТАЕВ (dá ngairtear Аюбхан Вахаевич КАТАЕВ freisin) (litriú Rúisise) | Post/Poist: Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia<br>Dáta breithe: 1.12.1980 nó 1.12. 1984<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Cheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise in Argun, déanann Aiub Kataev maoirseacht ar ghníomhaíochtaí a dhéanann gníomhaireachtaí áitiúla um shlándáil an stáit agus gníomhaireachtaí áitiúla póilíneachta. Ina cháil sin, déanann sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírítear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad, agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia. Tá Aiub | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Kataev agus fórsaí faoina cheannas freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha nó treallacha. | |
| | | | | Dar le roinnt finnéithe, ghlac Aiub Kataev féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. | |
| 14 | Abuzaid (Abuzayed) Dzhandarovich VISMURADOV | Абузайд Джандарович ВИСМУРАДОВ (litriú Rúisise) | Post/Poist: Ceannasaí ar fhoireann ”Terek” de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Seisnia, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann Phoblacht na Seisnia, Ramzan Kadyrov<br>Dáta breithe: 24.12.1975<br>Áit bhreithe: Akhmat-Yurt / Khosi-Yurt, Checheno-Ingush Autonomous Soviet Socialist Republic (ASSR) mar a thugtaí air, Chechen Republic mar a thugtar anois uirthi (Cónaidhm na Rúise)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceannasaí ar fhoireann ”Terek” de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire an Chechen Republic, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann an Chechen Republic, Ramzan Kadyrov.<br>Tá Abuzaid Vismuradov ina cheannasaí ar fhoireann “Terek” de chuid an SOBR ó Bhealtaine 2012. Ina cháil sin, déanann sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírítear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia Ramzan Kadyrov. | 22.3.2021 |
| | | | | Tá Abuzaid Vismuradov agus an t-aonad “Terek” atá faoina cheannas freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus maruithe agus básuithe seachbhreithiúnacha agus treallacha.<br>Dar le roinnt finnéithe, ghlac Abuzaid Vismuradov féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. Is dlúthchomhlach le Ramzan Kadyrov, Ceann Phoblacht na Seisnia, é, atá i mbun feachtas cos ar bolg i gcoinne a fhreasúra pholaitiúil le roinnt mhaith blianta. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine ) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 15 | Gabriel Moses LOKUJO | - | Post/Poist: Maorghinearál sa South Sudan People's Defense Forces (SSPDF)<br>Náisiúntacht: ón tSúdáin Theas<br>Inscne: fireann | Maorghinearálsa South Sudan People's Defense Forces (SSPDF).<br>Tá Gabriel Moses Lokujo freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa tSúdáin Theas, go háirithe básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha.<br>I mí na Bealtaine 2020, fuadaíodh agus básaíodh triúr oifigeach den Sudan People's Liberation Army in Opposition (SPLA-IO) ar ordú ó Mhaorghinearál Lokujo. | 22.3.2021'; |
| | | | | I mí Mheán Fómhair 2020, thug Maorghinearál Lokujo cúl leis an SPLA-IO agus chuaigh leis an SSPDF agus tá sé freagrach as na caismirtí a tharla ina dhiaidh sin sa Moroto Training Center agus an ceantar máguaird i ndeisceart Central Equatoria. De thoradh air sin, tuairiscíodh roinnt básanna agus gortuithe ar an dá thaobh i ráithe dheiridh 2020, agus rinneadh sibhialtaigh a easáitiú freisin, go háirithe i gceantar Kajo-Keji den Central Equatoria State. D'fhan fórsaí Mhaorghinearál Lokujo sa cheantar, mar ar tuairiscíodh roinnt caismirtí eile agus mar ar leanann sábháilteacht agus slándáil na gcomhphobal sibhialtach de bheith i mbaol. | |

(2) i liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach i roinn B ('Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí') cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '1. | Xinjiang Production and Construction Corps Public Security Bureau | 新疆生产建设兵团公安局<br>(Litriú Síneach) | Seoladh: 106 Guangming Road, Urumqi, Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR), an tSín<br>Teileafón: +86 991 598 8114 | Tá an Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) Public Security Bureau i gceannas ar bheartais uile XPCC i ndáil le gnóthaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistiú ionad coinneála. Is eagraíocht eacnamaíoch pharamíleateach faoi úinéireacht an stáit in Xinjiang Uyghur Autonomous Region na Síne é XPCC, a bhfuil an t-údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. | 22.3.2021 |
| | | | | Mar an eagraíocht atá i gceannas beartais slándála laistigh de XPCC, tá an XPCC Public Security Bureau freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine de chuid mionlach eitneach Moslamach eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, inter alia, den chur chun feidhme a rinne an XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc a bhí dírithe ar mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha. | |

| | Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Mar chuid den chlár sin, úsáideann XPCC Uigiúraigh agus daoine eile ar de chuid mionlach eitneach Moslamach iad mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis. Mar an eagraíocht atá i gceannas ar bheartais slándála laistigh de XPCC, tá an XPCC Public Security Bureau freagrach as úsáid chórasach a bhaint as saothar éignithe. | |
| 2. | Central Public Prosecutor's Office (dá ngairtear Office of the Prosecutor of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK) freisin) | 조선민주주의인민공화국 중앙검찰소 (Litriú Cóiréach) | | Is institiúid í an Central Public Prosecutor's Office a dhéanann maoirseacht ar na himeachtaí coiriúla uile sa Democratic People's Republic of Korea (DPRK), lena n-áirítear imscrúdú, ceistiú, coinneáil réamhthrialach agus trialacha. | 22.3.2021 |
| | | | | Úsáidtear an Central Public Prosecutor's Office chun daoine a ionchúiseamh agus a phionósú as mí-iompar polaitiúil i dtrialacha atá go héagórach ón mbonn aníos. Tá freagracht institiúideach uirthias sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine i ngnáthphríosúin agus i ngnáthionaid choinneála cheistiúcháin freisin ós rud é nach ndéanann sé cearta na gcimí réamhthrialacha nó na bpríosúnach ciontaithe a fhorfheidhmiú. I ndlúthchomhar leis na hAireachtaí Slándála Stáit agus Slándála Sóisialta, tá freagracht uirthi as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, agus is í a thugann dlisteanacht dóibh, ar sáruithe iad a dhéanann fearas slándála DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach. | |
| 3. | Kaniyat Militia (dá ngairtear "7th Brigade Tarhuna 7th Brigade, Tarhuna Brigade" freisin) (dá ngairtear "9th Brigade, Al-Kani Militia, Al-Kaniyat ; Kani Brigade, Kaniat Kaniyat, Kanyat" freisin) | مليشيا كانيات (Litriú Arabach) | | Is mílíste arna armáil ag an Libia í an Kaniyat Militia a raibh smacht aige ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020. Tar éis don mhílíste sin teitheadh chuig Oirthear Libia i mí an Mheithimh 2020, aimsíodh olluaigheanna in Tarhuna, arb é an Kaniyat Militia ba chúis leo, ceaptar. Tá an Kaniyat Militia freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, go háirithe maruithe seachbhreithiúnacha agus fuadach. | 22.3.2021 |

| | Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 4. | National Security Office (dá ngairtear National Security Agency freisin) of the Government of Eritrea | - | Faoi cheannas Maorghinearál Abraha Kassa | Tá National Security Office (dá ngairtear National Security Agency freisin) of the Government of Eritrea faoi cheannas Maorghinearál Abraha Kassa agus faoi mhaoirseacht Oifig an Uachtaráin. Tá an National Security Office eagraithe ina sé cinn d'oifigí, agus gach ceann díobh siúd roinnte ina trí roinn a bhfuil freagracht orthu faoi seach as faisnéis, gabhálacha agus ceistiúchán. Tá an National Security Office freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Eiritré, go háirithe gabhálacha treallacha, maruithe seachbhreithiúnacha, fuadach agus céasadh arna dhéanamh ag a cuid gníomhaithe. | 22.3.2021'. |

# RIALACHÁN (AE) 2021/479 ÓN gCOMHAIRLE

## an 22 Márta 2021

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 maidir le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/482 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Bhurma ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ([3]).

(2) An 22 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/482, inar leasaigh sí Cinneadh 2013/184/CBES, lena n-áirítear a theideal. Leathnaigh sí freisin na critéir ainmniúcháin chun go bhféadfaí bearta sriantacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a mbaineann a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus i gcoinne daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe astu, agus ar an gcaoi sin a rannchuidíonn le, nó a bhaineann tairbhe as, gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma nó le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.

(3) Tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun na bearta a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/482 a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 401/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008';

(2) in Airteagal 4a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Áireofar an méid seo a leanas in Iarscríbhinn IV:

(a) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma;

(b) daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a mbaineann a mbearta, a mbeartais nó a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun bearta, nó a thugann tacaíocht do bhearta, a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma i mbaol;

([1]) Féach leathanach37 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 (IO L 121, 3.5.2013, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Bhurma agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/232/CBES (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75).

(c) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar chúnamh daonnúil a sholáthar do shibhialtaigh atá i ngátar;

(d) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha a líomhnaítear maidir le cearta an duine;

(e) daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe astu;

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo siúd dá dtagraítear i bpointí (a) go (e).';

(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4da*

1. De mhaolú ar Airteagal 4a, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú go scaoilfear cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe, nó go gcuirfear cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar fáil, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad is iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá le cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin a sholáthar chun críocha daonnúla, amhail cúnamh a chur ar fáil nó cur ar fáil cúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, agus bia, d'aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe ó Mhaenmar/Bhurma.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann aon údarú arna dheonú faoi mhír 1 in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de 4 seachtaine ón údarú.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/480 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Márta 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca le Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4i de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

(2) An 22 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí inar cháin sí go géar an coup míleata a rinneadh i Maenmar/Burma an 1 Feabhra 2021. D'iarr sí go mbainfear an lasóg de bharrach na géarchéime trí dheireadh a chur, láithreach bonn, leis an staid éigeandála, tríd an rialtas sibhialta dlisteanach a athbhunú agus tríd an bparlaimint nuathofa a oscailt.

(3) D'iarr an Chomhairle freisin ar na húdaráis mhíleata an tUachtarán, an Comhairleoir Stáit agus gach duine a coinníodh nó a gabhadh i dtaca leis an coup a scaoileadh saor. D'áitigh an Chomhairle nach mór an teileachumarsáid gan bhac a áirithiú, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil, agus rochtain ar fhaisnéis a ráthú, agus an smacht reachta agus cearta an duine a urramú. Cháin sí an chos ar bolg míleata agus póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta agus ag an am céanna d'iarr sí ar na húdaráis an ghuaim is mó is féidir a choinneáil orthu féin agus d'iarr sí ar gach taobh staonadh ón bhforéigean, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

(4) Cuireadh i bhfios go láidir sna conclúidí ón gComhairle go bhfuil an tAontas ullamh bearta sriantacha a ghlacadh mar fhreagairt ar an coup míleata.

(5) An 28 Feabhra 2021, tar éis na cniogbheartaíochta foréigní i gcoinne agóidí síochánta ar fud na tíre, cháin Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an chos ar bholg bhrúidiúil agus d'iarr sé ar na húdaráis mhíleata stop a chur láithreach le húsáid an fhornirt i gcoinne sibhialtach agus cead a thabhairt don phobal a gceart chun tuairimí a nochtadh agus saoirse comhthionóil a chur in iúl.

(6) Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na staide tromchúisí atá fós i bhfeidhm i Maenmar/Burma, ba cheart aon duine dhéag a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir,

([1]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine a leanas ar an liosta de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus de chomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "15. | Min Aung Hlaing | Dáta breithe: 3 Iúil 1956<br>Áit bhreithe: Tavoy, Maenmar/Burma<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 12/SAKHANA(N)020199<br>Inscne: fireann | Tá Min Aung Hlaing ina Ardcheannasaí ar na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) ó 2011 i leith. Tá sé ina Chathaoirleach ar an State Administration Council (SAC) agus ina chomhalta den National Defence and Security Council (NDSC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Forces an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Trí na cumhachtaí uile a chomhchruinniú agus mar Chathaoirleach ar SAC, bhí baint dhíreach ag an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br>Mar Chathaoirleach ar an SAC, tá an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Ardcheannasaí ar an Tatmadaw ó 2011 i leith, is é Min Aung Hlaing atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Myint Swe | Dáta breithe: 24 Bealtaine 1951<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Maenmar | Tá an Leifteanant-Ghinearál Myint Swe ina chomhalta de na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) agus ba é a cheap Tatmadaw ina Leas-Uachtarán go dtí an 1 Feabhra 2021. Ar an dáta sin, ghlac Myint Swe páirt i gcruinniú den National Defence and Security Council (NDSC) le comhaltaí eile Tatmadaw. Bhí an cruinniú NDSC míbhunreachtúil mar nach raibh comhaltaí sibhialtach rannpháirteach ann. Le linn an chruinnithe sin, dearbhaíodh Myint Swe mar Uachtarán Gníomhach. Ansin, dhearbhaigh Myint Swe an staid éigeandála agus thug sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ar láimh d'Ardcheannasaí na Defence Services Min Aung Hlaing. Sáraíodh an nós imeachta chun an staid éigeandála a dhearbhú mar, faoin mBunreacht, is ag an Uachtarán amháin atá an t-údarás staid éigeandála a dhearbhú.<br><br>Trí ghlacadh lena ainmniú mar Uachtarán Gníomhach agus trí chumhachtaí reachtacha, breithiúnacha agus feidhmiúcháin a aistriú chuig an Ardcheannasaí, chuir Myint Swe leis an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 22.3.2021 |
| 17. | Soe Win | Dáta breithe: 1 Márta 1960<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Maenmar | Tá Soe Win ina Leas-Ardcheannasaí ar na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) ó 2011 i leith. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar an State Administration Council (SAC) agus ina chomhalta den National Defence and Security Council (NDSC).<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Forces an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Mar Leas-Chathaoirleach ar SAC, bhí baint dhíreach ag an Leas-Ardcheannasaí Soe Win leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar Leas-Chathaoirleach ar an SAC, tá an Leas-Ardcheannasaí Soe Win freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Leas-Ardcheannasaí ar an Tatmadaw ó 2011 i leith, is é Soe Win atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | |
| 18. | Sein Win | Dáta breithe: 24 Iúil 1956<br>Áit bhreithe: Pyin Oo Lwin, Maenmar/Burma<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Tá an Leifteanant-Ghinearál Sein Win ina chomhalta de Tatmadaw agus is iar-Aire Cosanta é (idir 24 Lúnasa 2015 agus 1 Feabhra 2021). An 1 Feabhra, ghlac sé páirt i gcruinniú den National Defence and Security Council (NDSC) le comhaltaí eile Tatmadaw. Bhí an cruinniú NDSC míbhunreachtúil mar nach raibh comhaltaí sibhialtach rannpháirteach ann. Le linn an chruinnithe sin, dearbhaíodh Myint Swe mar Uachtarán Gníomhach. Ansin, dhearbhaigh Myint Swe an staid éigeandála agus thug sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ar láimh d'Ardcheannasaí na Defence Services Min Aung Hlaing. Sáraíodh an nós imeachta chun an staid éigeandála a dhearbhú mar, faoin mBunreacht, is ag an Uachtarán amháin atá an t-údarás staid éigeandála a dhearbhú.<br><br>Trína rannpháirtíocht sa chruinniú NDSC, ar lena linn a cinneadh an staid éigeandála a fhógairt agus cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a thabhairt ar láimh d'Ardcheannasaí na Defence Services, chuir Sein Win le torthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus leis an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Aire Cosanta ón 24 Lúnasa 2015 go dtí an 1 Feabhra 2021, is é Sein Win atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |
| 19. | Thein Soe<br>(dá ngairtear freisin: U Thein Soe) | Dáta breithe: 23 Eanáir 1952<br>Áit bhreithe: Kani, Maenmar/Burma<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Ainmníodh Thein Soe ina chathaoirleach ar an Union Election Commission (UEC) an 2 Feabhra 2021. Trí ghlacadh leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína chuid gníomhaíochtaí mar chathaoirleach ar UEC, go háirithe torthaí na dtoghchán a chur ar ceal gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, bhí baint dhíreach ag Thein Soe le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Mya Tun Oo | Dáta breithe: 4 nó 5 Bealtaine 1961<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Ginearál Mya Tun Oo de Maenmar Armed Forces (Tatmadaw). Ceapadh é mar Aire Cosanta an 1 Feabhra 2021, agus is comhalta é den State Administrative Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir Min Aung Hlaing, coup in Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a tionóladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an nGinearál Mya Tun Oo leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br>Mar chomhalta de SAC, tá an Ginearál Mya Tun Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Bhí Mya Tun Oo ina Chomh-Cheann Foirne ar na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), an tríú suíomh is sinsearaí laistigh den Tatmadaw, ó mhí Lúnasa 2016 go dtí gur ceapadh é mar Aire Cosanta. Sa cháil sin dó, rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí míleata a rinneadh in Rakhine State agus comhordú ar na fórsaí armtha éagsúla, lena n-áirítear an tArm, an Cabhlach agus an tAerfhórsa, chomh maith le húsáid airtléire. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |
| 21. | Dwe Aung Lin | Dáta breithe:<br>31 Bealtaine 1962<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanantghinearál Dwe Aung Lin de na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) agus is Rúnaí é den State Administration Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup, d'fhógair an | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Ceapadh an Leifteanant Ghinearál Dwe Aung Lin mar Rúnaí ar SAC an 2 Feabhra 2021, agus is é a d'eisigh orduithe SAC. I dteannta le daoine nach é, d'ordaigh sé daoine aonair a chur as oifig dar cheap an rialtas a toghadh go dlíthiúil iad, mar aon le foireann eile a chur ar an gcoimisiún toghcháin i Maenmar.<br><br>Mar chomhalta de SAC agus mar Rúnaí air, bhí baint dhíreach ag an Leifteanantghinearál Dwe Aung Lin leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith; agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí ceannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar Leas-Chathaoirleach ar SAC, tá an Lietenant Ghinearál Dwe Aung Lin freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |
| 22. | Ye Win Oo | Dáta breithe: 21 Feabhra 1966<br><br>Náisiúntacht: Maenmar<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanantghinearál Ye Win Oo de na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) agus is Comhrúnaí é den State Administration Council (SAC).<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Ceapadh an Leifteanant. Ghinearál Ye Win Oo mar Chomhrúnaí ar SAC an 2 Feabhra 2021. Mar chomhalta de SAC agus mar Chomhrúnaí air, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant Ghinearál Ye Win Oo leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br>Mar chomhalta de SAC agus mar Chomhrúnaí air, tá an Leifteanant Ghinearál Ye Win Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |
| 23. | Maung Maung Kyaw | Dáta breithe: an 23 Iúil 1964<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Ginearál Maung Maung Kyaw de Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) agus de State Administration Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an nGinearál Maung Maung Kyaw leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br>Mar chomhalta ar SAC, tá an Ginearál Maung Maung Kyaw freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | 22.3.2021 |
| 24. | Moe Myint Tun | Dáta breithe: an 24 Bealtaine 1968<br>Náisiúntacht: Maenmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun de Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) agus den State Administrative Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta ar SAC, tá an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Bhí an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun ina Cheannasaí ar an Bureau of Special Operations (BSO)-6 agus bhí sé ina Cheann Foirne (Arm) ar Maenmar Armed Forces (Tatmadaw) suas go dtí 2019. Sa cháil sin dó, rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí a rinneadh in Rakhine State. Tá sé freagrach dá bhrí sin as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | |
| 25. | Than Hlaing | Dáta breithe:<br><br>Náisiúntacht: Maenmar<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing de Maenmar Armed Forces (Tatmadaw). Ceapadh é mar Leas-Aire Gnóthaí Baile, Ceann Foirne na Póilíneachta an 2 Feabhra 2021.<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Maenmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Arna cheapadh ag SAC, glacann Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing páirt i ngníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burmaagus i ngníomhaíochtaí freisin a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.<br><br>Ina theannta sin, tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí póilíneachta ag gníomhú dóibh faoi údarás an Leifteanaint-Ghinearál Than Hlaing ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, le gabhálacha treallacha agus le ceannairí freasúracha agus lucht freasúra an coup a choinneáil. Mar Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Ceann Foirne na Póilíneachta, tá an Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing freagrach go díreach as an gcinnteoireacht a bhaineann le beartais diansmachta agus gníomhaíochtaí foréigneacha a rinne na fórsaí póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma.” | |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/481 ÓN gCOMHAIRLE

**an 22 Márta 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999.

(2) An 8 Nollaig 2020, sa Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le Córas Domhanda Smachtbhannaí an AE i ndáil le Cearta an Duine cuirtear i bhfios go láidir a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach den Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluachanna den Aontas agus de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais iad meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine.

(3) An 2 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/372 ([2]), inar liostaíodh ceithre dhuine aonair ón Rúis a raibh páirt acu i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear gabhálacha agus coinneálacha treallacha, mar aon le cur faoi chois forleathan córasach na saoirse comhthionóil síochánta agus comhlachais agus na saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh.

(4) Tá imní mhór ar an Aontas fós maidir le sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine i bpáirteanna éagsúla den domhan, amhail céasadh, maruithe seachbhreithiúnacha, fuadaigh fhorfheidhmithe nó úsáid córasach saothair éignithe arna ndéanamh ag daoine aonair agus ag eintitis sa tSín, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, sa Libia, san Eiritré, sa tSúdáin Theas agus sa Rúis.

(5) Sa chomhthéacs sin, ba cheart aon duine dhéag agus ceithre eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 de réir mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 410I, 7.12.2020, lch. 13.
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/372 ón gComhairle an 2 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 71I, 2.3.2021, lch. 6).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CFSP) 2020/1999 mar a leanas:

(1) leasaítear liosta na ndaoine nádúrtha a leagtar amach i roinn A (“Daoine nádúrtha”) mar a leanas:

(a) cuirtear (“Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine”) in ionad “Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)” mar cheannteideal ar an dara colún;

(b) cuirtear “Ainmneacha” in ionad (“Ainmneacha (litriú Rúisise)”);

(c) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| “5. | ZHU Hailun | 朱海仑(Litriú Síneach) | Post/Poist: IarLeas-Cheann an 13th People’s Congress of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR)<br>Dáta breithe: Eanáir 1958<br>Áit bhreithe: Lianshui, Jiangsu (China)<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR agus iarRúnaí an Party Committee of the XUAR (2016 go dtí 2019). IarLeas-Cheann ar 13th People’s Congress XUAR, comhlacht reachtach réigiúnach (2019 go dtí Feabhra 2021). | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (2016 go 2019), is é Zhu Hailun a bhí freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a in XUAR. Mar sin, bhí príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, agus cur chun feidhme an chláir sin, faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Tá trácht déanta ar Zhu Hailun mar ‘ailtire’ an chláir sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneálacha treallacha ar mórscála a rinneadh ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Mar Leas-Cheann an 13th People’s Congress of the XUAR (2019 go dtí Feabhra 2021), lean Zhu Hailun de thionchar cinntitheach a imirt in XUAR mar a bhfuil an clár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile ag dul ar aghaidh. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 6. | WANG Junzheng | 王君正 (Litriú Síneach) | Post/Poist: Rúnaí Páirtí an Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) agus Leas-Rúnaí an Party Committee of China's Xinjiang Uyghur Autonomous Region; Coimeasár polaitiúil XPCC agus príomhfheidhmeannach an China Xinjian Group<br><br>Dáta breithe: Bealtaine 1963<br><br>Áit bhreithe: Linyi, Shandong (China)<br><br>Náisiúntacht: Síneach<br><br>Inscne: fireann | Rúnaí Páirtí ar Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) Leas-Rúnaí an Party Committee XUAR sa tSín ó mhí Aibreáin 2020 i leith, agus coimeasár polaitiúil XPCC ó mhí na Bealtaine 2020 i leith. IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee XUAR (Feabhra 2019 go dtí Meán Fómhair 2020). Tá poist shinsireacha eile ag Wang Junzheng in XPCC.<br><br>Is eagraíocht eacnamaíoch pharamíleateach faoi úinéireacht an stáit in XUAR é XPCC, a bhfuil an t-údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí Páirtí agus coimeasár polaitiúil ar XPCC ó 2020, tá páirt ag Wang Junzheng sna beartais go léir a chuireann XPCC chun feidhme a mhaoirsiú. Sa phost sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine de chuid mionlach eitneach Moslamach eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, *inter alia*, den chur chun feidhme a rinne an XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc a bhí spriocdhírithe ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Tá sé freagrach freisin as an úsáid chórasach a bhaineann XPCC as Uigiúraigh agus daoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis.<br><br>Ina cháil mar Leas-Rúnaí ar Party Committee XUAR ó 2020 i leith, tá páirt ag Wang Junzheng i maoirsiú na mbeartas slándála atá á gcur chun feidhme in Xinjiang, lena n-áirítear an clár réamhluaite lena spriocdhírítear ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Ina cháil mar | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (Feabhra 2019 go dtí Meán Fómhair 2020), bhí Wang Junzheng freagrach as an tslándáil inmheánach a choimeád agus forfheidhmiú an dlí in XUAR. Mar sin, bhí príomhphost polaitiúil aige i gceannas ar mhaoirsiú agus ar chur chun feidhme an chláir réamhluaite. | |
| 7. | WANG Mingshan | 王明山 (Litriú Síneach) | Post/Poist: Comhalta de Standing Committee of the Party Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR<br><br>Dáta breithe: Eanáir 1964<br><br>Áit bhreithe: Wuwei, Gansu (China)<br><br>Náisiúntacht: Síneach<br><br>Inscne: fireann | Comhalta de Standing Committee of the Party Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR ó Mheán Fómhair 2020. Iar-Stiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) idir 2017 agus Eanáir 2021. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR ó Mheán Fómhair 2020, is é Wang Mingshan atá freagrach as an slándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a chothabháil in XUAR. Mar sin, tá príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar an mórscála faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. | |
| | | | | Ina cháil mar Iar-Stiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar XPSB (2017 go Eanáir 2021), bhí príomhról aige i bhfearas slándála Xinjiang agus bhí sé freagrach go díreach as an gclár thuasluaite a chur chun feidhme. Go háirithe, rinne XPSB *Integrated Joint Operations Platform* (IJOP) (Ardán d'oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite) a imscaradh, clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a lorg agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar 'baol bagartha' a bheith ag baint leo lena gcur go campa coinneála. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Mar gheall ar an bpost atá aige faoi láthair agus na feidhmeanna a bhí aige roimhe sin, tá Wang Mingshan freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mhórscála agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh. | |
| 8. | CHEN Mingguo | 陈明国<br>(Litriú Síneach) | Post/Poist: Stiúrthóir ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) agus Leaschathaoirleach ar Xinjiang Uygur Autonomous Region (XUAR) People's Government<br>Dáta breithe: Deireadh Fómhair 1966<br>Áit bhreithe: Yilong, Sichuan (China)<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir ar Xinjiang Public Security Bureau (XPSB) ó mhí Eanáir 2021 agus Leaschathaoirleach ar Xinjiang Uygur Autonomous Region (XUAR) People's Government. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Stiúrthóir ar XPSB, tá príomhról ag Chen Mingguo i bhfearas slándála Xinjiang agus baint dhíreach aige le cur chun feidhme cláir faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar an mórscála ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Go háirithe, rinne XPSB *Integrated Joint Operations Platform* (IJOP) (Ardán d'oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite) a imscaradh, clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a lorg agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar 'baol bagartha' a bheith ag baint leo lena gcur go campa coinneála. Dá bhrí sin, tá Chen Mingguo freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 9. | JONG Kyong-thaek (a.k.a. CHO'NG Kyo'ng-t'aek) | 정경택<br>(Litriú Cóiréach) | Post/Poist: Minister of State Security of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK)<br>Dáta breithe: idir 1.1.1961 agus 31.12. 1963<br>Náisiúntacht: Cóiréach Thuaidh<br>Inscne: fireann | Is é Jong Kyong-thaek Aire Slándála Stáit Democratic People's Republic of Korea (DPRK) ó 2017.<br>Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK ar cheann de na hinstitiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena ndírítear ar easaontas polaitiúil, teacht isteach faisnéise 'treascraí' ó thar lear agus aon iompar eile a mheastar a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an gcóras polaitiúil agus ar a cheannaireacht a shainaithint agus a chur faoi chois. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Stáit, tá Jong Kyong-thaek freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban. | |
| 10. | RI Yong Gil<br>(a.k.a. RI Yong Gi, RI Yo'ng-kil, YI Yo'ng-kil) | 리영길<br>(Litriú Cóiréach) | Post/Poist: Minister of State Security of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK)<br>Dáta breithe: 1955<br>Náisiúntacht: Cóiréach Thuaidh<br>Inscne: fireann | Is é Ri Yong Gil Aire Slándála Sóisialta of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK) ó Eanáir 2021, agus iar-Cheannaire ar Fhoireann Ghinearálta Korean People's Army (KPA) idir 2018 agus Eanáir 2021.<br>Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK (ar a dtugtaí Aireacht Slándála na nDaoine nó Aireacht Slándála Poiblí tráth) ar cheann de na hinstitiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena n-áirítear ceastóireacht agus pionós a chur ar dhaoine a bhí ag teitheadh 'go neamhdhleathach' ó DPRK. Tá an Aireacht Slándála Sóisialta i bhfeighil na gcampaí príosúin agus na n-ionad coinneála oibre trína Biúró Príosúin, mar a mbíonn príosúnaigh agus cimí faoi réir ocras d'aon ghnó agus íde mídhaonna eile. | 22.3.2021 |
| | | | | Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Sóisialta, tá Ri Yong Gil freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina cháil mar iar-Cheannaire ar Fhoireann KPA, tá Ri Yong Gil freagrach chomh maith as sáruithe tromchúiseacha forleathana ar chearta an duine arna ndéanamh ag KPA. | |
| 11. | Mohammed Khalifa AL-KANI (dá ngairtear Mohamed Khalifa Abderrahim Shaqaqi AL-KANI freisin, dá ngairtear Mohammed AL-KANI freisin, Muhammad Omar AL-KANI freisin) | محمد خليفة الكاني (Litriú Arabach) | Post/Poist: Ceann an Kaniyat Militia<br><br>Dáta breithe: 3.5.1979<br><br>Náisiúntacht: Libiach<br><br>Uimhir an phas: F86JKFJF<br><br>Inscne: fireann | Is é Mohammed Khalifa Al-Kani Ceann an Kaniyat Militia, a raibh smacht aige ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020. Sa cháil sin, déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí uile an Kaniyat Militia. Ina cháil mar Cheann anKaiyat Militia, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna.<br><br>Theith Mohammed Khalifa Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i mí an Mheithimh 2020 chuig oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo. | 22.3.2021 |
| 12. | Abderrahim AL-KANI (dá ngairtear Abdul-Rahim AL-KANI, Abd-al-Rahim AL-KANI freisin) | عبد الكاني الرحيم (Litriú Arabach) | Post/Poist: comhalta den Kaniyat Militia<br><br>Dáta breithe: 7.9.1997<br><br>Náisiúntacht: Libiach<br>Uimhir an phas: PH3854LY<br><br>Uimhir aitheantais: 119970331820<br><br>Inscne: fireann | Tá Abderrahim Al-Kani ina chomhalta lárnach den Kaniyat Militia agus is deartháir le Ceann an Kaniyat Militia, Mohammed Khalifa Al-Khani é. Bhí smacht ag an Kaniyat Militia ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020.<br><br>Tá Abderrahim Al-Kani i gceannas ar an tslándáil inmheánach thar ceann an Kaniyat Militia. Sa cháil sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna. | 22.3.2021 |
| | | | | Theith Abderrahim Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i Meitheamh 2020 chuig Oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo. | |
| 13. | Aiub Vakhaevich KATAEV (dá ngairtear Ayubkhan Vakhaevich KATAEV freisin) | Аюб Вахаевич КАТАЕВ<br><br>(dá ngairtear Аюбхан Вахаевич КАТАЕВ freisin) (litriú Rúisise) | Post/Poist: Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia | Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia. | 22.3.2021 |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Dáta breithe: 1.12.1980 nó 1.12. 1984<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | | |
| | | | | Ina cháil mar Cheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise in Argun, déanann Aiub Kataev maoirseacht ar ghníomhaíochtaí a dhéanann gníomhaireachtaí áitiúla um shlándáil an stáit agus gníomhaireachtaí áitiúla póilíneachta. Ina cháil sin, déanann sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírítear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad, agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia. Tá Aiub Kataev agus fórsaí faoina cheannas freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha nó treallacha. | |
| | | | | Dar le roinnt finnéithe, ghlac Aiub Kataev féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. | |
| 14. | Abuzaid (Abuzayed) Dzhandarovich VISMURADOV | Абузайд Джандарович ВИСМУРАДОВ (litriú Rúisise) | Post/Poist: Ceannasaí ar fhoireann "Terek" de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Seisnia, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann Phoblacht na Seisnia, Ramzan Kadyrov<br>Dáta breithe: 24.12.1975<br>Áit bhreithe: Akhmat-Yurt/ Khosi-Yurt, Checheno-Ingush Autonomous Soviet Socialist Republic (ASSR) mar a thugtaí air, Chechen Republic mar a thugtar anois uirthi (Cónaidhm na Rúise)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceannasaí ar fhoireann "Terek" de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire an Chechen Republic, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann an Chechen Republic, Ramzan Kadyrov.<br>Tá Abuzaid Vismuradov ina cheannasaí ar fhoireann "Terek" de chuid an SOBR ó Bhealtaine 2012. Ina cháil sin, déanann sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírítear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia Ramzan Kadyrov. | 22.3.2021 |
| | | | | Tá Abuzaid Vismuradov agus an t-aonad "Terek" atá faoina cheannas freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus maruithe agus básuithe seachbhreithiúnacha agus treallacha. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dar le roinnt finnéithe, ghlac Abuzaid Vismuradov féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. Is dlúthchomhlach le Ramzan Kadyrov, Ceann Phoblacht na Seisnia, é, atá i mbun feachtas cos ar bolg i gcoinne a fhreasúra pholaitiúil le roinnt mhaith blianta. | |
| 15. | Gabriel Moses LOKUJO | - | Post/Poist: Maorghinearál sa South Sudan People's Defense Forces (SSPDF)<br>Náisiúntacht: ón tSúdáin Theas<br>Inscne: fireann | Maorghinearálsa South Sudan People's Defense Forces (SSPDF).<br>Tá Gabriel Moses Lokujo freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa tSúdáin Theas, go háirithe básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha.<br>I mí na Bealtaine 2020, fuadaíodh agus básaíodh triúr oifigeach den Sudan People's Liberation Army in Opposition (SPLA-IO) ar ordú ó Mhaorghinearál Lokujo. | 22.3.2021"; |
| | | | | I mí Mheán Fómhair 2020, thug Maorghinearál Lokujo cúl leis an SPLA-IO agus chuaigh leis an SSPDF agus tá sé freagrach as na caismirtí a tharla ina dhiaidh sin sa Moroto Training Center agus an ceantar máguaird i ndeisceart Central Equatoria. De thoradh air sin, tuairiscíodh roinnt básanna agus gortuithe ar an dá thaobh i ráithe dheiridh 2020, agus rinneadh sibhialtaigh a easáitiú freisin, go háirithe i gceantar Kajo-Keji den Central Equatoria State. D'fhan fórsaí Mhaorghinearál Lokujo sa cheantar, mar ar tuairiscíodh roinnt caismirtí eile agus mar ar leanann sábháilteacht agus slándáil na gcomhphobal sibhialtach de bheith i mbaol. | |

(2) I liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach i roinn B ("Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí") cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| "1. | Xinjiang Production and Construction Corps Public Security Bureau | 新疆生产建设兵团公安局 (Litriú Síneach) | Seoladh: 106 Guangming Road, Urumqi, Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR), an tSín<br>Teil. +86 9915988114 | Tá an Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) Public Security Bureau i gceannas ar bheartais uile XPCC i ndáil le gnóthaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistiú ionad coinneála. Is eagraíocht eacnamaíoch pharamíleateach faoi úinéireacht an stáit in Xinjiang Uyghur Autonomous Region na Síne é XPCC, a bhfuil an t-údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. | 22.3.2021 |
| | | | | Mar an eagraíocht atá i gceannas beartais slándála laistigh de XPCC, tá an XPCC Public Security Bureau freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine de chuid mionlach eitneach Moslamach eile, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, *inter alia*, den chur chun feidhme a rinne an XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc a bhí dírithe ar mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha.<br>Mar chuid den chlár sin, úsáideann XPCC Uigiúraigh agus daoine eile ar de chuid mionlach eitneach Moslamach iad mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis. Mar an eagraíocht atá i gceannas ar bheartais slándála laistigh de XPCC, tá an XPCC Public Security Bureau freagrach as úsáid chórasach a bhaint as saothar éignithe. | |
| 2. | Central Public Prosecutor's Office (dá ngairtear Office of the Prosecutor of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK) freisin) | 조선민주주의인민공화국 중앙검찰소 (Litriú Cóiréach) | | Is institiúid í an Central Public Prosecutor's Office a dhéanann maoirseacht ar na himeachtaí coiriúla uile sa Democratic People's Republic of Korea (DPRK), lena n-áirítear imscrúdú, ceistiú, coinneáil réamhthrialach agus trialacha. | 22.3.2021 |
| | | | | Úsáidtear an Central Public Prosecutor's Office chun daoine a ionchúiseamh agus a phionósú as mí-iompar polaitiúil i dtrialacha atá go héagórach ón mbonn aníos. Tá freagracht institiúideach uirthias sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine i ngnáthphríosúin agus i ngnáthionaid choinneála cheistiúcháin freisin ós rud é nach ndéanann sé cearta na gcimí réamhthrialacha nó na bpríosúnach ciontaithe a fhorfheidhmiú. I ndlúthchomhar leis na hAireachtaí Slándála Stáit agus Slándála Sóisialta, tá freagracht uirthi as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, agus is í a thugann dlisteanacht | |

| | Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | dóibh, ar sáruithe iad a dhéanann fearas slándála DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach. | |
| 3. | Kaniyat Militia (dá ngairtear '7th Brigade Tarhuna 7th Brigade, Tarhuna Brigade' freisin) (dá ngairtear '9th Brigade, Al-Kani Militia, Al-Kaniyat; Kani Brigade, Kaniat Kaniyat, Kanyat' freisin) | مليشيا كانيات (Litriú Arabach) | | Is mílíste arna armáil ag an Libia í an Kaniyat Militia a raibh smacht aige ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020. Tar éis don mhílíste sin teitheadh chuig Oirthear Libia i mí an Mheithimh 2020, aimsíodh olluaigheanna in Tarhuna, arb é an Kaniyat Militia ba chúis leo, ceaptar. Tá an Kaniyat Militia freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, go háirithe maruithe seachbhreithiúnacha agus fuadach. | 22.3.2021 |
| 4. | National Security Office (dá ngairtear National Security Agency freisin) of the Government of Eritrea | - | Faoi cheannas Maorghinearál Abraha Kassa | Tá National Security Office (dá ngairtear National Security Agency freisin) of the Government of Eritrea faoi cheannas Maorghinearál Abraha Kassa agus faoi mhaoirseacht Oifig an Uachtaráin. Tá an National Security Office eagraithe ina sé cinn d'oifigí, agus gach ceann díobh siúd roinnte ina trí roinn a bhfuil freagracht orthu faoi seach as faisnéis, gabhálacha agus ceistiúchán. Tá an National Security Office freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Eiritré, go háirithe gabhálacha treallacha, maruithe seachbhreithiúnacha, fuadach agus céasadh arna dhéanamh ag a cuid gníomhaithe. | 22.3.2021" |

# CINNEADH (CBES) 2021/482 ÓN gCOMHAIRLE

## an 22 Márta 2021

## lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Aibreán 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/184/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma.

(2) An 22 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí inar cháin sí go géar an *coup* míleata a rinneadh i Maenmar/Burma an 1 Feabhra 2021. D'iarr sí go mbainfear an lasóg de bharrach na géarchéime trí dheireadh a chur, láithreach bonn, leis an staid éigeandála, tríd an rialtas sibhialta dlisteanach a athbhunú agus tríd an bparlaimint nuathofa a oscailt.

(3) D'iarr an Chomhairle freisin ar na húdaráis mhíleata an tUachtarán, an Comhairleoir Stáit agus gach duine a coinníodh nó a gabhadh i dtaca leis an *coup* a scaoileadh saor. D'áitigh an Chomhairle nach mór an teileachumarsáid gan bhac a áirithiú, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil, agus rochtain ar fhaisnéis a ráthú, agus an smacht reachta agus cearta an duine a urramú. Cháin sí an chos ar bolg míleata agus póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta, agus ag an am céanna d'iarr sí ar na húdaráis an ghuaim is mó is féidir a choinneáil orthu féin agus d'iarr sí ar gach taobh staonadh ón bhforéigean i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

(4) Cuireadh i bhfios go láidir sna conclúidí ón gComhairle go bhfuil an tAontas ullamh bearta sriantacha a ghlacadh mar fhreagairt ar an *coup* míleata.

(5) I bhfianaise thromchúis na staide, measann an Chomhairle gur cheart na critéir ainmniúcháin a leasú ionas go bhféadfaí bearta sriantacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a mbaineann a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma chomh maith le daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe astu, agus ar an gcaoi sin a rannchuidíonn le, nó a bhaineann tairbhe as, gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta nó le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma.

(6) Agus an staid i Maenmar/Burma á cur san áireamh, is iomchuí teideal Chinneadh 2013/184/CBES a leasú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/184/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma';

([1]) Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/232/CBES (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75)

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(1):

'*Airteagal 5*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó chun idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith na ndaoine seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma;

(b) daoine nádúrtha a mbaineann a mbearta, a mbeartais nó a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun bearta, nó a thugann tacaíocht do bhearta, a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol;

(c) daoine nádúrtha ó Fhórsa Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar chúnamh daonnúil a sholáthar do shibhialtaigh atá ina ghátar;

(d) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe nó mí-úsáidí thromchúiseacha a líomhnaítear maidir le cearta an duine; nó

(e) daoine nádúrtha a bhaineann leis na daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d),

mar a liostaítear san Iarscríbhinn iad.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(1):

'*Airteagal 6*

1. Cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar leo seo a leanas iad, nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú:

(a) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma;

(b) daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a mbaineann a mbearta, a mbeartais nó a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun bearta, nó a thugann tacaíocht do bhearta, a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol;

(c) daoine nádúrtha ó Fhórsa Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar chúnamh daonnúil a sholáthar do shibhialtaigh atá ina ghátar;

(d) daoine nádúrtha ó Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), ó Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar agus ó Phóilíní an Gharda Teorann atá freagrach as bac a chur ar imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe tromchúiseacha nó mí-úsáidí thromchúiseacha a líomhnaítear maidir le cearta an duine;

(e) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe astu; nó

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo siúd dá dtagraítear i bpointí (a) go (e),

mar a liostaítear san Iarscríbhinn iad, déanfar iad a chalcadh.';

(4) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 6a*

1. De mhaolú ar Airteagal 6(1) agus (2), féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfear cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn iad, nó go gcuirfear cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar fáil do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla is iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá le cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin a sholáthar chun críocha daonnúla, amhail cúnamh a chur ar fáil nó cur ar fáil cúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, agus bia, d'aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe ó Mhaenmar/Bhurma.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de 4 seachtaine ón údarú.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

**CINNEADH (CBES) 2021/483 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Márta 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Aibreán 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/184/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma.

(2) An 22 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí inar cháin sí go géar an *coup* míleata a rinneadh i Maenmar/Burma an 1 Feabhra 2021. D'iarr sí go mbainfear an lasóg de bharrach na géarchéime trí dheireadh a chur, láithreach bonn, leis an staid éigeandála, tríd an rialtas sibhialta dlisteanach a athbhunú agus tríd an bparlaimint nuathofa a oscailt.

(3) D'iarr an Chomhairle freisin ar na húdaráis mhíleata an tUachtarán, an Comhairleoir Stáit agus gach duine a coinníodh nó a gabhadh i dtaca leis an *coup* a scaoileadh saor. D'áitigh an Chomhairle nach mór an teileachumarsáid gan bhac a áirithiú, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil, agus rochtain ar fhaisnéis a ráthú, agus an smacht reachta agus cearta an duine a urramú. Cháin sí an chos ar bolg míleata agus póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta agus ag an am céanna d'iarr sí ar na húdaráis an ghuaim is mó is féidir a choinneáil orthu féin agus d'iarr sí ar gach taobh staonadh ón bhforéigean, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

(4) Cuireadh i bhfios go láidir sna conclúidí ón gComhairle go bhfuil an tAontas ullamh bearta sriantacha a ghlacadh mar fhreagairt ar an *coup* míleata.

(5) An 28 Feabhra 2021, tar éis na cniogbheartaíochta foréigní i gcoinne agóidí síochánta ar fud na tíre, cháin Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an chos ar bholg bhrúidiúil agus d'iarr sé ar na húdaráis mhíleata stop a chur láithreach le húsáid an fhornirt i gcoinne sibhialtach agus cead a thabhairt don phobal a gceart chun tuairimí a nochtadh agus saoirse comhthionóil a chur in iúl.

(6) Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na staide tromchúisí atá fós ann i Maenmar/Burma, ba cheart aon duine dhéag a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/232/CBES (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

Cuirtear na daoine a leanas ar an liosta de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus de chomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "15. | Min Aung Hlaing | Dáta breithe: 3 Iúil 1956<br>Áit bhreithe: Tavoy, Myanmar/Burma<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 12/SAKHANA(N)020199<br>Inscne: fireann | Tá Min Aung Hlaing ina Ardcheannasaí ar na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) ó 2011 i leith. Tá sé ina Chathaoirleach ar an State Administration Council (SAC) agus ina chomhalta den National Defence and Security Council (NDSC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar/Burma trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup*, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Forces an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Trí na cumhachtaí uile a chomhchruinniú agus mar Chathaoirleach ar SAC, bhí baint dhíreach ag an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br>Mar Chathaoirleach ar an SAC, tá an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Ardcheannasaí ar an Tatmadaw ó 2011 i leith, is é Min Aung Hlaing atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Myint Swe | Dáta breithe: 24 Bealtaine 1951<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Myanmar | Tá an Leifteanant-Ghinearál Myint Swe ina chomhalta de na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus ba é a cheap Tatmadaw ina Leas-Uachtarán go dtí an 1 Feabhra 2021. Ar an dáta sin, ghlac Myint Swe páirt i gcruinniú den National Defence and Security Council (NDSC) le comhaltaí eile Tatmadaw. Bhí an cruinniú NDSC míbhunreachtúil mar nach raibh comhaltaí sibhialtach rannpháirteach ann. Le linn an chruinnithe sin, dearbhaíodh Myint Swe mar Uachtarán Gníomhach. Ansin, dhearbhaigh Myint Swe an staid éigeandála agus thug sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ar láimh d’Ardcheannasaí na Defence Services Min Aung Hlaing. Sáraíodh an nós imeachta chun an staid éigeandála a dhearbhú mar, faoin mBunreacht, is ag an Uachtarán amháin atá an t-údarás staid éigeandála a dhearbhú.<br>Trí ghlacadh lena ainmniú mar Uachtarán Gníomhach agus trí chumhachtaí reachtacha, breithiúnacha agus feidhmiúcháin a aistriú chuig an Ardcheannasaí, chuir Myint Swe leis an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 22.3.2021 |
| 17. | Soe Win | Dáta breithe: 1 Márta 1960<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Myanmar | Tá Soe Win ina Leas-Ardcheannasaí ar na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) ó 2011 i leith. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar an State Administration Council (SAC) agus ina chomhalta den National Defence and Security Council (NDSC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup*, d’fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d’aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Forces an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar Leas-Chathaoirleach ar SAC, bhí baint dhíreach ag an Leas-Ardcheannasaí Soe Win leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Mar Leas-Chathaoirleach ar an SAC, tá an Leas-Ardcheannasaí Soe Win freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Leas-Ardcheannasaí ar an Tatmadaw ó 2011 i leith, is é Soe Win atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | |
| 18. | Sein Win | Dáta breithe: 24 Iúil 1956<br>Áit bhreithe: Pyin Oo Lwin, Myanmar/Burma<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Inscne: fireann | Tá an Leifteanant-Ghinearál Sein Win ina chomhalta de Tatmadaw agus is iar-Aire Cosanta é (idir 24 Lúnasa 2015 agus 1 Feabhra 2021). An 1 Feabhra, ghlac sé páirt i gcruinniú den National Defence and Security Council (NDSC) le comhaltaí eile Tatmadaw. Bhí an cruinniú NDSC míbhunreachtúil mar nach raibh comhaltaí sibhialtach rannpháirteach ann. Le linn an chruinnithe sin, dearbhaíodh Myint Swe mar Uachtarán Gníomhach. Ansin, dhearbhaigh Myint Swe an staid éigeandála agus thug sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ar láimh d'Ardcheannasaí na Defence Services Min Aung Hlaing. Sáraíodh an nós imeachta chun an staid éigeandála a dhearbhú mar, faoin mBunreacht, is ag an Uachtarán amháin atá an t-údarás staid éigeandála a dhearbhú.<br><br>Trína rannpháirtíocht sa chruinniú NDSC, ar lena linn a cinneadh an staid éigeandála a fhógairt agus cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a thabhairt ar láimh d'Ardcheannasaí na Defence Services, chuir Sein Win le torthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus leis an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Mar Aire Cosanta ón 24 Lúnasa 2015 go dtí an 1 Feabhra 2021, is é Sein Win atá freagrach as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |
| 19. | Thein Soe<br>(dá ngairtear freisin: U Thein Soe) | Dáta breithe: 23 Eanáir 1952<br>Áit bhreithe: Kani, Myanmar/Burma<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Inscne: fireann | Ainmníodh Thein Soe ina chathaoirleach ar an Union Election Commission (UEC) an 2 Feabhra 2021. Trí ghlacadh leis an ainmniúchán sin i ndiaidh *coup* míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína chuid gníomhaíochtaí mar chathaoirleach ar UEC, go háirithe torthaí na dtoghchán a chur ar ceal gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, bhí baint dhíreach ag Thein Soe le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Mya Tun Oo | Dáta breithe: 4 nó 5 Bealtaine 1961<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Ginearál Mya Tun Oo de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ceapadh é mar Aire Cosanta an 1 Feabhra 2021, agus is comhalta é den State Administrative Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir Min Aung Hlaing, *coup* in Myanmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a tionóladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup*, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an nGinearál Mya Tun Oo leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br>Mar chomhalta de SAC, tá an Ginearál Mya Tun Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Bhí Mya Tun Oo ina Chomh-Cheann Foirne ar na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), an tríú suíomh is sinsearaí laistigh den Tatmadaw, ó mhí Lúnasa 2016 go dtí gur ceapadh é mar Aire Cosanta. Sa cháil sin dó, rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí míleata a rinneadh in Rakhine State agus comhordú ar na fórsaí armtha éagsúla, lena n-áirítear an tArm, an Cabhlach agus an tAerfhórsa, chomh maith le húsáid airtléire. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |
| 21. | Dwe Aung Lin | Dáta breithe:<br>31 Bealtaine 1962<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanantghinearál Dwe Aung Lin de na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus is Rúnaí é den State Administration Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup*, d'fhógair an | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Ceapadh an Leifteanant Ghinearál Dwe Aung Lin mar Rúnaí ar SAC an 2 Feabhra 2021, agus is é a d'eisigh orduithe SAC. I dteannta le daoine nach é, d'ordaigh sé daoine aonair a chur as oifig dar cheap an rialtas a toghadh go dlíthiúil iad, mar aon le foireann eile a chur ar an gcoimisiún toghcháin i Maenmar.<br>Mar chomhalta de SAC agus mar Rúnaí air, bhí baint dhíreach ag an Leifteanantghinearál Dwe Aung Lin leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith; agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí ceannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br>Mar Leas-Chathaoirleach ar SAC, tá an Lietenant Ghinearál Dwe Aung Lin freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |
| 22. | Ye Win Oo | Dáta breithe: 21 Feabhra 1966<br>Náisiúntacht: Myanmar<br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanantghinearál Ye Win Oo de na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus is Comhrúnaí é den State Administration Council (SAC).<br>An 1 Feabhra 2021, rinne na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar trí thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 a chur i leataobh agus tríd an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup*, d'fhógair an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra, agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services, an Ginearál Sinsearach Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br>Ceapadh an Leifteanant. Ghinearál Ye Win Oo mar Chomhrúnaí ar SAC an 2 Feabhra 2021. Mar chomhalta de SAC agus mar Chomhrúnaí air, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant Ghinearál Ye Win Oo leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta de SAC agus mar Chomhrúnaí air, tá an Leifteanant Ghinearál Ye Win Oo freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | |
| 23. | Maung Maung Kyaw | Dáta breithe: an 23 Iúil 1964<br><br>Náisiúntacht: Myanmar<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Ginearál Maung Maung Kyaw de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus de State Administration Council (SAC).<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup* sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an nGinearál Maung Maung Kyaw leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, agus trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta ar SAC, tá an Ginearál Maung Maung Kyaw freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 24. | Moe Myint Tun | Dáta breithe: an 24 Bealtaine 1968<br><br>Náisiúntacht: Myanmar<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus den State Administrative Council (SAC).<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup* sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun leis an gcinnteoireacht maidir le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.<br><br>Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta. Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear trí shrian a chur le rochtain ar an idirlíon, trí ghabhálacha treallacha agus trí cheannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil.<br><br>Mar chomhalta ar SAC, tá an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.<br><br>In 2018, thuairiscigh na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta go ndearna na fórsaí míleata agus póilíneachta sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i Stáit Kachin, Rakhine agus Shan i gcoinne phobal Róihinse ó 2011 i leith agus chinn siad gurb ionann go leor de na sáruithe sin agus na coireanna is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta. Bhí an Leifteanant-Ghinearál Moe Myint Tun ina Cheannasaí ar an Bureau of Special Operations (BSO)-6 agus bhí sé ina Cheann Foirne (Arm) ar Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) suas go dtí 2019. Sa cháil sin dó, rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí a rinneadh in Rakhine State. Tá sé freagrach dá bhrí sin as na sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha sin i gcoinne phobal Róihinse. | 22.3.2021 |
| 25. | Than Hlaing | Dáta breithe:<br><br>Náisiúntacht: Myanmar<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é an Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ceapadh é mar Leas-Aire Gnóthaí Baile, Ceann Foirne na Póilíneachta an 2 Feabhra 2021.<br><br>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, *coup* i Maenmar, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a reáchtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den *coup* sin, dhearbhaigh an | 22.3.2021 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra, bunaíodh an SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Arna cheapadh ag SAC, glacann Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing páirt i ngníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burmaagus i ngníomhaíochtaí freisin a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.<br><br>Ina theannta sin, tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí póilíneachta ag gníomhú dóibh faoi údarás an Leifteanaint-Ghinearál Than Hlaing ón 1 Feabhra 2021 i leith, agóideoirí neamharmáilte sibhialta a mharú, srian a chur ar shaoirse tionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, le gabhálacha treallacha agus le ceannairí freasúracha agus lucht freasúra an *coup* a choinneáil. Mar Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Ceann Foirne na Póilíneachta, tá an Leifteanant-Ghinearál Than Hlaing freagrach go díreach as an gcinnteoireacht a bhaineann le beartais diansmachta agus gníomhaíochtaí foréigneacha a rinne na fórsaí póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta; agus dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma." | |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA